Sa Phictiúrlann

Tasc A

Rólimirt

Tá tú ar do bhealach chun na pictiúrlainne tráthnóna Dé Sathairn. Tosaíonn tú agus do chara ag caint faoi scannáin dhifriúla – cuid a thaitníonn libh, cuid a chuireann eagla oraibh agus cuid a chuireann spion maith oraibh.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad iad a fhreagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cén scannán is fearr leat? Cén fáth?**
2. **An bhfuil scannán ar bith a bhfuil an dúfhuath agat air? Cén fáth?**
3. **An bhfuil scannán ar bith ann a chuireann dea-spion ort?**
4. **Ar amharc tú ar scannán níos mó ná uair amháin?**
5. **Cén t-aisteoir is fearr leat? Cad iad na scannáin a raibh sé/sí iontu?**
6. **An bhfuil fuaimrian ó scannán a thaitníonn go mór leat?**
7. **An dtaitníonn na beochaintí leat?**
8. **Cén scannán deireanach a d'amharc tú air?**
9. **Cé chomh minic a théann tú chun na pictiúrlainne?**
10. **Cad é a itheann tú sa phictiúrlann?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- An phictiúrlann
- An scannán/ Na scannáin
- Aisteoir/Aisteoirí
- Scannán uafáis
- Beochan
- Scannán greannmhar
- Is é an radharc is fearr liom ná ...
- Milseáin/grán rósta/deoch
- Ag aisteoireacht

Seanfhocail

Ní mar a shíltear a bhítear

Samhail

Chomh soiléir le grian an mheán lae

© CCEA 2022

Rewarding Learning

Sa Phictiúrlann

Tasc B

1. Iontráil Dialainne

Roghnaigh carachtar ón scannán is fearr leat. Faigh pictiúr den charachtar seo nó tarraing do phictiúr féin. Cuir focail nó frásaí thart ar an phictiúr

- faoin chuma atá air/uirthi,
- faoin phearsantacht atá aige/aici,
- faoin phost atá aige/aici,
- agus eolas ar bith eile a shíleann tú atá tábhachtach.

2. An Scannán is Fearr leat

1. Dear póstaer nó bileog faoin dráma is fearr leat.
2. Scríobh isteach eolas tábhachtach a bhaineann leis an scannán.

- Teideal an scannáin
- Aisteoirí atá sa scannán
- Bliain a cuireadh amach é.
- Achoimre bheag faoin scannán.

© CCEA 2022